An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

# An Rialálaí Agraibhia Suirbhé Soláthraí 2025



Foilsithe an 20 Bealtaine 2025

Is é misean An Rialálaí Agraibhia feidhmiú mar ghuth neamhspleách chun tacú le cothroime agus le trédhearcacht i gcaidreamh gnó le gnó feadh an tslabhra soláthair agraibhia trí, go háirithe, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht le dlí um thrádáil éagothrom agus rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara maidir le gníomhartha chun trédhearcacht a fheabhsú.

Rinneadh an suirbhé seo, coimisiúnaithe ag an Rialálaí agus curtha i gcrích ag Coyne Research, mar bhealach chun scrúdú a dhéanamh ar thaithí soláthraithe táirgí agraibhia sna hearnálacha miondíola agus mórdhíola agus, ar an tslí sin, chun bonn eolais a chur ar fáil d'obair agus do thosaíochtaí an Rialálaí.

Is gné thábhachtach atá ann dár rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara agus tionscnaíodh próiseas bliantúil chun cur ar chumas na soláthraithe sin eolas a roinnt leis an Rialálaí maidir lena dtaithí thrádála le cuid de na ceannaitheoirí táirgí agraibhia is mó sa tír.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na gnóthaí – Aldi na hÉireann, Bianna BWG, Lidl na hÉireann, Marks and Spencer na hÉireann, Grúpa Musgrave agus Tesco na hÉireann – a chomhoibrigh leis an Rialálaí chun an suirbhé a dháileadh ar sholáthraithe agraibhia. Chinntigh a dtoilteanas siúd páirt a ghlacadh sa suirbhé seo go raibh guth á thabhairt acu dá soláthraithe agus cuireann na torthaí ar chumas an Rialálaí teacht ar thuiscint níos fearr ar an timpeallacht oibriúcháin reatha – agus taifeadadh na pointí dearfacha ach oiread leis na dúshláin.

Ach níos tábhachtaí fós, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na soláthraithe a chuir roinnt ama i leataobh chun an suirbhé a chomhlánú. Tuigim go maith go bhféadfadh drogall a bheith ar ghnó aiseolas a thabhairt agus eolas maidir lena thaithí a roinnt agus, dá bhrí sin, tá mé fíorbhuíoch de gach duine as measúnuithe ionraice agus macánta a sholáthar.

Treoróidh torthaí an tsuirbhé seo clár oibre an Rialálaí don bhliain amach romhainn, agus tá sé beartaithe againn an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a úsáid chun dlús a chur le forbairt treoirlínte do cheannaitheoirí agus chun tuilleadh cigireachtaí rioscabhunaithe a dhéanamh i ndáil leis an dlí um thrádáil éagothrom a bheith á chomhlíonadh.

Nuair a bhí torthaí an tsuirbhé thábhachtaigh seo á bhfógairt ag Comhdháil Tionscnaimh an Rialálaí Agraibhia, ar ar fhreastail raon leathan páirtithe leasmhara na Rialálaí, bhí deis iontach ann breithniú, plé agus machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha is féidir linn a chur i gcrích chun cothroime agus trédhearcacht sa slabhra soláthair agraibhia a fheabhsú.

Niamh Lenehan
POF, An Rialálaí Agraibhia



# Modheolaíocht Taighde

- Rinne an Rialálaí Agraibhia an suirbhé seo chun aiseolas a bhailiú ó sholáthraithe táirgí talmhaíochta agus bia ar a dtaithí ar thrádáil le ceannaitheoirí ar leith sna hearnálacha miondíola agus mórdhíola.
- Chuaigh an Rialálaí Agraibhia i mbun idirchaidrimh le 8 ngnó chun an suirbhé a sheoladh chuig a mbunachar sonraí soláthraí.
- Cuireadh nasc suirbhé uathúil ar fáil do gach gnó chun é a dháileadh ar a gcuid soláthraithe. Bhí nasc ginearálta le fáil ar shuíomh gréasáin an Rialálaí Agraibhia freisin.
- Bhí an suirbhé beo idir an 10 Feabhra – 9 Márta.
- Chomhlánaigh 306 soláthraí (samplamhéid) an suirbhé agus fuarthas freagraí a bhain le 948 caidreamh trádála.

| Gnó | Nasc Uathúil úsáidte chun an Suirbhé a Chomhlánú | Freagraí Soláthraí (caidreamh trádála) |
|---|---|---|
| **Iomlán** | **306** | **948** |
| Aldi | 30 | 103 |
| BWG | 63 | 147 |
| Dunnes | 0 | 131 |
| Lidl | 20 | 99 |
| M&S | 2 | 22 |
| Musgrave | 113 | 206 |
| Tesco | 47 | 136 |
| Sysco | 0 | 82 |
| Gnó Eile | - | 22 |
| Nasc an Rialálaí Agraibhia | 31 | - |

# Torthaí an tSuirbhé a Thuiscint

## Breithnithe Modheolaíocha

- Ba í an mhodheolaíocht samplála a úsáideadh an mhodheolaíocht ab fhearr a bhí ar fáil laistigh de shrianta na sonraí a bhí ar fáil don Rialálaí Agraibhia chun iarracht a dhéanamh na rátaí freagartha a uasmhéadú.
- Ainneoin go raibh sé cuimsitheach, níor dearadh an suirbhé mar shampla randamaithe.
- Dá réir sin, taifeadann an cur chuige a úsáideadh taithí soláthraí go héifeachtach i ngnóthaí ceannaitheora ach níl aon caveat sonrach luaite leis.

## Céard a Chiallaíonn sé sin i gComhthéacs Léirmhínithe

- Tá léargas cáilíochtúil luachmhar le fáil sna torthaí i ndáil le taithí soláthraithe.
- Ba cheart difríochtaí idir gnóthaí a léirmhíniú go cúramach.
- In éard atá i dtorthaí an tsuirbhé taithí na soláthraithe ar fad a rinne an suirbhé agus ní gá go mbeadh údar cuí le heachtarshuí don phobal soláthraí iomlán.

**Cuid #1**

# Próifíl den Sampla

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

## Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025

Bonn: Gach soláthraí - 306
C. 1a/b/7

# Próifíl den Sampla - I

**Príomhoibríochtaí Gnó**

Bonn: Gach soláthraí táirgí talmhaíochta agus bia - 306




**Miondíoltóirí / Mórdhíoltóirí ar Cuireadh Soláthairtí ar fáil dóibh go Díreach in 2024**

Bonn: Gach soláthraí díreach táirgí talmhaíochta agus bia - 256




Soláthraithe díreacha ba ea formhór na bhfreagróirí, agus thug thart ar 1 as 10 le fios gur soláthraithe indíreacha iad.
Soláthraíonn 8 as 10 soláthraí a chomhlánaigh an suirbhé Musgrave go díreach.

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256

C.7

# Meánlíon na nGnóthaí a Soláthraíodh

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag




Soláthraíonn soláthraithe díreacha 5 ghnó ar an meán.

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

**Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025**

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256

C.2/3/4

# Próifíl Shampla – II (Soláthraithe Díreacha)

## Suíomh an Ghnó

Bonn Iomlán: 256




## Láimhdeachas Bliantúil Domhanda

Bonn: 256




## Líon na bhFostaithe

Bonn: 256




Fostaíonn díreach os cionn leath de na soláthraithe díreacha níos lú ná 50 duine tá láimhdeachas bliantúil domhanda de suas le €10 milliún ag 4 as 10 soláthraí díreach. Tá 3 as 4 lonnaithe in Éirinn.

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C.5

# Talmhaíocht Bhrandáilte/Féinlipéid Agus Táirgí Bia Soláthartha




Soláthraíonn 38% de sholáthraithe díreacha táirgí comhthimpeallacha. Tá seans maith ann go maith deochanna brandáilte.

**Cuid #2**

# Soláthraí díreach Taithí le TCÉnna

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C. 8a

*Féach ar an aguisín chun eolas a fháil faoi na roghanna freagra iomlána

# Taithí ar TCÉnna Neamhchoinníollacha le Ceannaitheoirí in 2024 - Tuairim an tSoláthraí

Tá na TCÉnna seo toirmiscthe i ngach imthoisc

Taithí ar TCÉnna Neamhchoinníollacha







( ) = Líon Iarbhír

Thuairiscigh thart ar 1 as 8 soláthraí díreacha aon TCÉ neamhchoinníollach. Tá seans ann gur thuairiscigh roinnt soláthraithe roinnt TCÉnna le roinnt ceannaitheoirí.
Is iad na 3 rud is minice a luaitear a éileamh ar sholáthraí íoc as caillteanas nó as meath a dtáirge agus moilleanna íocaíochta.

Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C. 9a

*Féach ar an aguisín chun eolas a fháil faoi na roghanna freagra iomlána

# Taithí ar TCÉnna Coinníollacha le Ceannaitheoirí in 2024 - Tuairim an tSoláthraí

Tá na TCÉnna seo toirmiscthe díreach mura thángthas ar chomhaontú maidir leo roimh ré







( ) = Líon Iarbhír

Thuairiscigh 1 as 20 soláthraí díreacha aon TCÉ coinníollach.
Tá seans ann gur thuairiscigh roinnt soláthraithe roinnt TCÉnna le roinnt ceannaitheoirí.

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

## Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C. 8a/9a

*Féach ar an aguisín chun eolas a fháil faoi na roghanna freagra iomlána

# Taithí ar TCÉnna le Ceannaitheoirí in 2024 - Tuairim an tSoláthraí







( ) = Líon Iarbhír

An ceanglas cúiteamh a chur ar fáil don cheannaitheoir i ndáil leis an gcostas a bhaineann le gearáin chustaiméara a scrúdú = <1% (1)

D'éiligh an ceannaitheoir ort íoc as an bhfógraíocht a rinne an ceannaitheoir ar do tháirgí agus níor thángthas ar chomhaontú maidir leis seo roimh ré = <1% (1)

Thuairiscigh 1 as 7 go raibh taithí acu ar TCÉ in 2024. Tá seans ann gur thuairiscigh roinnt soláthraithe roinnt TCÉnna le roinnt ceannaitheoirí.

Bonn: Gach soláthraí díreach a raibh taithí aige ar TCÉ in 2024 – 35*
C.3

# Láimhdeachas Bliantúil Domhanda TCÉ

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag




I measc na ndaoine a thuairiscigh go raibh taithí acu ar TCÉ in 2024, éilíonn 5 as 10 láimhdeachas bliantúil de €10 milliún nó níos lú.

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256

C.8b/9b

# Taithí ar TCÉnna le Ceannaitheoirí in 2024
# De réir Gnó

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag

( ) = Líon Iarbhír

## Taithí ar TCÉnna Neamhchoinníollacha




## Taithí ar TCÉnna Coinníollacha




Thuairiscigh thart ar 1 as 10 soláthraí M&S agus Musgrave taithí ar aon TCÉ neamhchoinníollach.
Thuairiscigh thart ar 1 as 20 soláthraí M&S agus Musgrave taithí ar aon TCÉ coinníollach.

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256

C.8b/9b

# Líon Iomlán TCÉnna a raibh Taithí ag Ceannaitheoirí orthu in 2024 de réir Gnó

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag

Taithí ar TCÉnna




Tuairiscíonn 14% (35) taithí ar TCÉ

( ) = Líon Iarbhír

Thuairiscigh thart ar 1 as 10 soláthraí Lidl, M&S agus Musgrave taithí ar aon TCÉ in 2024. Tá seans ann gur thuairiscigh roinnt soláthraithe roinnt TCÉnna le roinnt ceannaitheoirí.

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C. 10a/11a

# TCÉnna a raibh Taithí ag Ceannaitheoirí orthu in 2024 de réir Gnó

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag

| | Tá/Bhí Cuid Acu ach Ní Iad ar Fad | | | | Níor Tuairiscíodh TCÉ |
|---|---|---|---|---|---|
| Musgrave Bonn: 23* | **7** (30%) | 6 | - | 1 | 16 (70%) |
| Lidl Bonn: 9* | **4** (44%) | 2 | 1 | 1 | 5 (56%) |
| Dunnes Bonn: 10* | **3** (30%) | 1 | 1 | 1 | 7 (70%) |
| Tesco Bonn: 9* | **2** (22%) | 2 | - | - | 7 (78%) |
| Aldi Bonn: 2* | **1** (50%) | 1 | - | - | 1 (50%) |
| BWG Bonn: 4* | **1** (25%) | 1 | - | - | 3 (75%) |
| M&S Bonn: 2* | **1** (50%) | 1 | - | - | 1 (50%) |
| Sysco Bonn: 3* | **1** (33%) | 1 | - | - | 2 (67%) |

Bhí taithí ag 7 soláthraí ar TCÉ le Musgrave – bhí 6 sholáthraí sásta leis an toradh agus bhí soláthraí amháin míshásta leis an toradh.
Bhí taithí ag 4 soláthraí ar TCÉ le Lidl – bhí 2 sholáthraí sásta leis an toradh agus bhí soláthraí amháin míshásta leis an toradh.

Bonn: Na soláthraithe díreacha ar fad nár thuairiscigh gach TCÉ in 2024 - *12

C.10b

# An Chúis Nár Tuairiscíodh TCÉ le Ceannaitheoirí

*"Níor theastaigh uaim an conradh a chailleadh."*

*"An caidreamh agus gnó níos fadtéarmaí a chothabháil."*

"***Ní raibh a fhios agam*** *gur féidir liom easaontú leis sin. D'inis siad dom nach mór "go mbeadh corrlach gach tairiscint á chothabháil" rud a chiallaíonn gurbh éigean dom mo phraghsanna promóisin a leasú amhail is go raibh orm íoc as costas iomlán na bpromóisean.*"

*"Ar mhaithe leis an gcaidreamh fadtéarmach."*

*"Ní raibh a fhios agam. Shíl mé gur gnáthchleachtas a bhí ann."*

*"Caidreamh fadtéarmach a chothabháil."*

*"Chuirfeadh sé an gnó atá á dhéanamh agam faoi láthair agus a bheidh á dhéanamh agam amach anseo i mbaol."*

## Cuid #3

# Soláthraithe Díreacha

Saincheisteanna a Tháinig chun Solais in 2024

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator

**Suirbhé Soláthraí an Rialálaí Agraibhia 2025**

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C.15

*Féach ar an aguisín chun eolas a fháil faoi na roghanna freagra iomlána

# Saincheisteanna le Ceannaitheoirí in 2024 – Soláthraithe Díreacha







Dhéileáil 27% (69) le saincheist

Thuairiscigh 1 as 7 soláthraí díreacha saincheisteanna a bhain le hiarratais SACP. Thuairiscigh thart ar 1 as 10 go raibh orthu déileáil le moilleanna nó le neamhíocaíocht sa chás go raibh díospóidí seachadta ann nó go raibh costais shuntasacha á dtabhú acu mar gheall ar réamhaisnéisiú míchruinn. Tá seans ann gur thuairiscigh roinnt soláthraithe roinnt saincheisteanna le roinnt ceannaitheoirí.

Bonn: Gach soláthraí díreach a dhéileáil le saincheist in 2024 – 86

C.3

# Láimhdeachas Bliantúil Domhanda de réir Saincheisteanna ar Déileáladh Leo




I measc na ndaoine a thuairiscigh gur dhéileáil siad le saincheist in 2024, éilíonn aon trian acu láimhdeachas bliantúil domhanda de €51 milliún+.

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C.16

# Aon Saincheist le Ceannaitheoir ar Déileáladh léi in 2024 de réir Gnó - Tuairim an tSoláthraí

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag




Dhéileáil 27% (69) le saincheist

( ) = Líon Iarbhír

Thuairiscigh 1 as 5 soláthraí Dunnes, Lidl agus M&S gur dhéileáil siad le saincheist in 2024
Tá seans ann gur thuairiscigh roinnt soláthraithe roinnt saincheisteanna le roinnt ceannaitheoirí.

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256

C.17a

# Cibé acu ar Déileáladh nó nár Déileáladh le Saincheisteanna le Ceannaitheoirí in 2024 de réir Gnó

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag




( ) = Líon Iarbhír

Tharraing thart ar 1 as 5 soláthraí Dunnes agus Lidl aird ar na saincheisteanna ar dhéileáil siad leo lena gceannaitheoirí.

Bonn: Na soláthraithe díreacha ar fad nár tharraing aird ar gach saincheist in 2024 - 21
C.17b

# An Chúis Nár Tarraingíodh Aird ar Shaincheisteanna le Ceannaitheoirí

*"Imní go ndéanfaí damáiste do chaidreamh le Ceannaitheoir, imní maidir le díliostú i gcónaí."*

*"Céatadán beag den ghnó iomlán."*

*"Deacracht ag baint le haird a tharraingt ar an saincheisteanna seo."*

*"Easpa cinnteachta maidir leis an duine ar cheart labhairt leis nó léi - neamhaird tugtha ar dtús ar iarratais eolas maidir leis an méid sin a fháil. Thóg sé tamall gach rud a réiteach."*

*"Ceannaitheoirí nua. Ní raibh an ceannaitheoir roimhe sin inrochtana"*

*"Imní go ndéanfaí damáiste do chaidreamh le Ceannaitheoir."*

*"Glacadh leis an idirbheartaíocht costais mar chuid de thairiscint, agus ainneoin gur tairiscint a bhí ann, bhí impleachtaí aici ar ár gcostais fhoriomlána agus ar aon mhéadú a tharla nuair a bhí aon amhábhar á fháil againn."*

*"Níl aon chaidreamh bunaithe leis an gCeannaitheoir."*

*"Ceannaitheoir nua"*

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256

C.18

# Teagmhas Fios a bheith ag Daoine maidir le Modh Teagmhála Ceart chun Aird a Tharraingt ar Shaincheisteanna Laistigh de Ghnó an Cheannaitheora

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag




Teagmhas ard d'fhios a bheith ag daoine maidir le modh teagmhála ceart chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna laistigh d'eagraíocht an cheannaitheora ar fud na ngnóthaí ar fad.

## Cuid #4

# Caidreamh Soláthraithe Díreacha le Ceannaitheoirí

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator



Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C. 19

# Comhaontú Soláthair Scríofa le Ceannaitheoirí?

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag

Tá comhaontú soláthair scríofa




| | % Níl | % Níl a Fhios Agam |
|---|---|---|
| Aldi | 4% | 10% |
| Lidl | 2% | 16% |
| Musgrave | 13% | 15% |
| BWG | 20% | 16% |
| Dunnes | 21% | 15% |
| Tesco | 19% | 18% |
| Sysco | 17% | 21% |
| M&S | 9% | 32% |

( ) = Líon Iarbhír

Tuairiscíonn soláthraithe Aldi an teagmhas is airde de chomhaontuithe soláthair scríofa ag 86%, agus ina dhiaidh sin ar an liosta tá Lidl (82%) agus Musgrave (72%).

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C.21

# Cleachta(i) s C(h)eannaitheora Nuálach(a) a bhfuil Tionchar Dearfach acu ar Chaidreamh Trádála – Tuairim an tSoláthraí

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag




Maíonn 1 as 3 soláthraí Aldi go bhfuil cleachtais nuálacha bunaithe ag Aldi a bhfuil tionchar dearfach acu ar a chleachtas trádála.

Bonn: Gach soláthraí díreach a thuairiscíonn cleachtas nuálach - 86
C.22

# Cleachtais Nuálacha atá i bhFeidhm ag Ceannaitheoirí a bhfuil Tionchar Dearfach acu ar Chaidreamh Trádála - II

*"Solúbthacht i ndáil le sonraíochtaí chun freastal ar dhúshláin shéasúracha mar gheall ar an aimsir. Solúbthacht phromóisin i ndáil le huainiú."*

*"Modh chun orduithe a thuar i bhfad níos fearr - cumarsáid mhaith."*

*"Bunaíodh ASCanna nua mar gheall ar bhearnaí sa mhargadh."*

*"Orduithe a thuar agus oibriú le foireann bhisiúil agus éifeachtúil ar furasta teagmháil a dhéanamh léi."*

*"Tá réamhaisnéisí á roinnt a cheadaíonn pleanáil níos fearr le chéile."*

*"Rannpháirtíocht i ndáil le FSC agus saincheisteanna Comhshaoil lenár bhfoireann FSC ar mhaithe lenár gcaidreamh trádála a threisiú."*

*"Comhdhálacha ina roinntear faisnéis ábhartha maidir le pleananna agus straitéis."*

*"Próiseas faofa nua atá níos tapa."*

*"Is custaiméir nua é seo agus tá sé ag obair i ndlúthpháirt linn chun an raon atá á sholáthar againn a fheabhsú trí fhorbairt táirgí agus pacáistíochta."*

*"Laethanta oscailte FTN lasmuigh de sheisiúin faisnéise, chun cur ar ár gcumas coincheapa a phlé leo."*

Bonn: Gach soláthraí díreach - 256
C.23a

# Sástacht Fhoriomlán leis an tSlí a nDéanann Ceannaitheoirí a nGnó

*Foláireamh - Bonnmhéid Beag




Tugadh an leibhéal sástachta is airde maidir leis an tslí a ndéanann ceannaitheoirí a ngnó faoi deara i measc sholáthraithe BWG, Aldi agus Tesco.

# Na Cúiseanna a bhfuiltear Sásta leis an tSlí a nDéanann Ceannaitheoir a Ghnó

*"Tacaítear le táirgeoirí ceardaí beaga i gcónaí trí tháirgí nua a chur ar fáil ar an margadh, agus oibrítear liom i gcónaí chun dlús a chur leis an méid gnó atá á dhéanamh agam leo."*

*"Tá samhail mhaith cumarsáide oscailte ann agus tá tuiscint shoiléir ag an dá thaobh ar an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu agus an treo ba cheart dóibh a bheith ag dul."*

*"An-oscailte agus sásta cúrsaí a phlé. Tiomanta do réiteach gnó amháin agus oscailte chomh fada is a bhaineann le PTFanna ionas gur féidir linn iad a chomhlíonadh."*

*"Tá siad soiléir, déanann siad cinntí go tapa agus tá ár n-éiteas oibre ailínithe go dlúth."*

*"Tá cúrsaí cumarsáide go maith agus go ginearálta réitítear aon fhadhb go tapa."*

*"Ceannaitheoir den Chéad Scoth a bhíonn ar fáil i gcónaí. An ceannaitheoir is fearr in Éirinn."*

*"Tá siad trédhearcach agus comhoibritheach."*

*"Tá fios a ngnó ag na ceannaitheoirí, déanann siad an méid a bhíonn comhaontaithe ionas gur féidir leat a bheith muiníneach as infheistíocht atá á déanamh agat."*

*"An-ghairmiúil nuair a bhímid ag déileáil leo. Tá an tairseach custaiméirí an-mhaith."*

# Na Cúiseanna a bhfuiltear Míshásta leis an tSlí a nDéanann Ceannaitheoir a Ghnó

*"Deacair gealltanais fhadtéarmacha a fháil. Uaireanta tógann plé ACP go leor ama agus bíonn soláthraithe fágtha i liombó agus freagrach as costais go dtí go mbíonn siad sásta cúrsaí a phlé. Go minic, lorgaítear laghduithe nó méaduithe ar CFT de bhrí go bhfuil a mbonn costais méadaithe ach bhíothas ag súil go leanfadh an soláthraí ar aghaidh ag íoc na gcostas céanna bliain i ndiaidh bliana."*

*"Is í an tsaincheist is mó conradh gearrthéarmach a chiallaíonn gurb é brú praghais an príomhábhar imní a bhíonn ag cur isteach ar an gceannaitheoir i gcónaí."*

*"Bítear ag súil go ndéanfar níos mó infheistíochta bliain i ndiaidh bliana gan a gcuid torthaí féin a athrú."*

*"Tá sé deacair deis a fháil teagmháil aghaidh ar aghaidh a dhéanamh le ceannaitheoir."*

*"Bítear ag súil i gcónaí go laghdófar an praghas ainneoin nach mbeidh a leithéid á thabhairt faoi deara ag an úsáideoir deiridh. Ní bhíonn mórán teagmhála i gceist."*

*"Is féidir roinnt saincheisteanna a chur faoi bhráid go leor ranna difriúla rud a chiallaíonn go dtógann sé go leor ama saincheisteanna áirithe a réiteach."*

*"Uaireanta bíonn moill mhór i gceist sula ndéileáiltear le saincheist nó le hiarratas."*

*"Ní mhaireann formhór na gconarthaí ach 6 mhí, ach ní chomhaontaítear iad ar bhonn tráthúil. Ní féidir conarthaí a athnuachan ach cúpla seachtain sula mbíonn sé beartaithe go mbeidh siad beo. Ní chomhaontaítear iad in am ach go hannamh nuair nach mór talamh a ligean ar cíos nó síol a cheannach. Is féidir praghsáil a chur ar fáil don soláthraí in am, ach seans nach gcloisfidh tú scéala i gcomhair 2 nó 3 mhí i ndiaidh duit roinnt táirgí a chur gan fhios a bheith agat an bhfuil nó nach bhfuil conradh bronnta ort. Teastaíonn tréimhse phleanála 2 go 3 bliana ó fhormhór na dtáirgí ar mhaithe le huainíocht na mbarr agus infheistíocht in innealra ach ní féidir gealltanas níos faide ná 6 mhí a fháil d'fhormhór na línte."*

*"Tá sé an-deacair oibriú leo, ní féidir freagra a fháil ó cheannaitheoirí mura bhfuil rud éigin á lorg acu - táille de chineál éigin de ghnáth."*

*"Easpa cumarsáide chomh fada is a bhaineann le pleanáil agus tuar do tháirgí nua go háirithe."*

Bonn: Gach soláthraí a thug freagra - 185

C.24

# Príomh-Shaincheisteanna a mbeidh ar Sholáthraithe Déileáil leo sa Bhliain Amach Romhainn – Tuairim an tSoláthraí



Bonn: Gach soláthraí a thug freagra - 185

C.24

# Príomh-Shaincheisteanna a mbeidh ar Sholáthraithe Déileáil leo sa Bhliain Amach Romhainn

*"Easpa gealltanais fhadtéarmaigh nó easpa gealltanais de chineál ar bith ó mhiondíoltóirí. Dodhéanta infheistíocht a dhéanamh i nuálaíocht agus i bhfás mura bhfuil a fhios agat go mbeidh táirge á sholáthar agat i gceann sé mhí. Méaduithe ACP - cuireann méaduithe leanúnacha ar an bpá íosta brú ollmhór ar na costais táirgthe. Tá formhór na dtáirgí úra dian ar shaothar ach ní ghlactar riamh le méaduithe ar an bpá íosta mar údar do mhéaduithe ACP le miondíoltóirí. Bíonn ar an soláthraí déileáil leis na costais a bhaineann lena leithéid."*

*"Ciallaíonn an méadú ar an bpá íosta go bhfuil gá le tuilleadh arduithe praghsanna."*

*"Ní ardóidh praghsanna ag geata na feirme mar fhreagairt ar na méaduithe ar an bpá íosta. Tá saothar ag éirí neamh-iniompartha. Ciallaíonn modh oibre ceannaitheoirí go bhfuil saothróirí in iomaíocht lena chéile."*

*"An costas a bhaineann le gnó a dhéanamh agus téarnamh ón margadh."*

*"Costais mhéadaithe, soláthar saothair agus cur isteach féideartha ar sholáthar comhábhar, costais fuinnimh, ceanglais inbhuanaitheachta."*

*"Infhaighteacht Táirgí agus saincheisteanna soláthair."*

*"Éagsúlacht mhór i bpraghsanna agus brabús, nó easpa brabúis, mar thoradh ar a leithéid."*

*"Tá costais ag méadú go leanúnach agus táimid ag streachailt chun déileáil leis na méaduithe costais sin."*

*"Ionchais neamhréalaíocha maidir le laghduithe praghsanna."*

*"Brabúsacht a chinntiú fad is atá costais ionchuir ag méadú agus an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh."*

*"Saincheisteanna a bhaineann le barra agus bagairtí mar gheall ar choinníollacha adhaimsire."*

*"Diúltaítear do ACPanna agus méadaíonn an brú boilscitheach agus na costais loingseoireachta."*

An Rialálaí Agraibhia
Agri-Food Regulator



Bonn: Gach soláthraí a thug freagra - 53
C.25

# Tuairimí Ginearálta maidir le Ceannaitheoirí de réir Ábhair – Tuairim an tSoláthraí






# Tuairimí Ginearálta maidir le Ceannaitheoirí

*"Chomh fada is a bhaineann leis na siopaí neamhspleácha, is taithí dhearfach a bhíonn againn den chuid is mó. Tá an rud céanna fíor faoi na miondíoltóirí níos mó ach tugaimid faoi deara go mbíonn baill foirne nua ag obair dóibh go minic, rud a chiallaíonn nach mbíonn caidreamh againn leis na daoine atá ag obair ar an urlár, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le saincheisteanna a bhaineann le spás seilf, eolas a roinnt linn maidir le cathain ba cheart athstocáil a dhéanamh, céard a oibreoidh go maith etc. Ach tríd is tríd, tá ár dtaithí dearfach."*

*"Go ginearálta, tá ceannaitheoirí Éireannacha i measc na gceannaitheoirí is oscailte, is iontaofa, is fearr ó thaobh cumarsáide de agus is cairdiúla i gcomparáid le go leor margaí easpórtála eile. Is pléisiúr é déileáil le cuideachtaí Éireannacha i gcónaí."*

*"Rinne mo Cheannaitheoir iarracht oibriú liom i gcónaí ar mo bhranda, go háirithe de bhrí gur branda nua ar an margadh a bhí ann agus chun iarracht a dhéanamh deis a thabhairt don bhranda."*

*"Méaduithe costphraghais: Déanann gach miondíoltóir go leor plé le soláthraí nuair a bhíonn iarracht á déanamh teacht ar chomhaontú maidir le méaduithe costphraghais faoi phraghas miondíola amach anseo táirgí soláthraí in ionaid díola iomaíocha nuair a bhíonn méadú costphraghais á phlé. Níor thángamar ar chomhréiteach maidir le hardú costphraghais in 2024. Is é an gnáthchur chuige, áfach, nach dtiocfaidh an miondíoltóir ar chomhaontú maidir le méadú costphraghais comhaontaithe linn [an soláthraí] go dtí go n-athraíonn/go méadaíonn miondíoltóir eile an praghas miondíola. Ciallaíonn sé sin gur gá don soláthraí miondíoltóir "cabhrach" a aimsiú chun an praghas miondíola a athrú ar dtús. De ghnáth ciallaíonn sé sin go mbíonn mealladh airgeadais i gceist agus neart plé faoin bpraghas miondíola. Go hiondúil ní phléifidh soláthraithe ilnáisiúnta níos mó praghsanna miondíola agus inseoidh siad don mhiondíoltóir nach féidir soláthar táirge a ráthú i ndiaidh dáta áirithe. Níl sé de chumas ag soláthraithe níos lú é sin a dhéanamh."*

*"Ciallaíonn roinnt rátaí níos airde de chéatadáin CFT go mbíonn táirgí soláthraithe Áitiúla níos costasaí i gcomparáid le táirgí Féinbhranda siopaí."*

*"Tríd is tríd, tá na ceannaitheoirí gairmiúil agus oscailte. D'fhéadfadh teannas a bheith le brath nuair a ardaítear costphraghas. D'fhéadfadh na ACPanna seo tarlú mar gheall ar mhargaí luaineacha a chuireann deireadh le haon chorrlach soláthraí. Is é an príomhábhar imní an méid ama a thógann sé chun ACPanna a fhaomhadh agus a chur chun feidhme. Tugaimid fógra 30 lá - i ndiaidh roinnt mhaith ama a chaitheamh i mbun machnaimh - ach fós féin d'fhéadfadh tréimhse 90 lá nó níos faide a bheith i gceist roimh chur chun feidhme. I gcásanna áirithe, lorgaíonn ceannaitheoirí fógra 12 sheachtain 12 agus diúltaíonn ceannaitheoirí áirithe dá leithéid scun scan. Is cinntí oirbheartaíocha den chuid is mó is cúis lena leithéid ach tá éifeacht dhiúltach aige ar shreabhadh airgid soláthraithe, etc. Go híorónta, má laghdaíonn an costphraghas, bíonn an miondíoltóir ag súil go dtarlóidh a leithéid láithreach baill!"*

Cuid #7

# Faisnéis faoin Rialálaí Agraibhia

# Feasacht ar Phróiseas Gearán Rúnda a bheith Bunaithe ag an Rialálaí Agraibhia

Bonn: Gach soláthraí - 306
C.26/27

**Feasacht ar Phróiseas Gearán Rúnda a bheith Bunaithe ag an Rialálaí Agraibhia**




**An mBeifeá Sásta TCÉ a Chur faoi Bhráid an Rialálaí Agraibhia?**




Tuigeann beagnach leath de na soláthraithe go bhfuil próiseas gearán rúnda bunaithe ag an Rialálaí Agraibhia.
Bheadh 6 as 10 de na soláthraithe a rinne suirbhé sásta TCÉ a chur faoi bhráid an Rialálaí Agraibhia.

# Na Cúiseanna nach mbeadh Tú Sásta TCÉ a Chur faoi Bhráid an Rialálaí Agraibhia

*"Níl mé cinnte an gcuirfeadh sé as don cheannaitheoir amach anseo."*

*"I bhfianaise an líon beag saothróirí agus ceannaitheoirí, ní léir cé chomh soiléir is a bheadh aon ghearán sonrach in intinn an cheannaitheora."*

*"Níl mé cinnte an gcuirfeadh sé as don cheannaitheoir amach anseo."*

*"Seans go bhféadfadh na himpleachtaí diúltacha a bhaineann le gearán a dhéanamh maidir le trádchleachtas éagothrom agus an méid ama a thógfadh a leithéid, a bheith fritorthúil."*

*"Mall, maorlathach agus táimid ag feidhmiú i margadh tomhaltóirí a ghluaiseann go mear - rud a chiallaíonn go mbeimis díliostaithe faoin am go mbeifí tar éis déileáil leis an ngearán."*

*"Is féidir rudaí a réiteach go héasca ag leibhéal áitiúil."*

*"Is deacair a rá an mbeadh nó nach mbeadh aird tarraingthe againn ar shaincheist. Ní mór go mbeadh sé ag cur isteach ar ár ngnó ar bhealach suntasach chun aird a tharraingt air ar fhaitíos go bhféadfaí rúndacht a shárú, agus go bhféadfaí muid a ainmniú ar dhubhliosta."*

*"Creidim dá mbeifí tar éis aird a tharraingt ar shaincheist le miondíoltóirí áirithe go bhféadfaidís a oibriú amach go héasca cé hé an soláthraí bunaithe ar na táirgí nó ar an gceist a cuireadh agus, dá bhrí sin, go mbeadh caidreamh diúltach le miondíoltóirí."*

# Aguisín

# Aguisín - I

Féach thíos liosta iomlán de roghanna freagra le haghaidh C.8a/b.

| C.8a/b: **TCÉnna Neamhchoinníollacha** |
|---|
| Íocaíocht níos déanaí ná 30 lá i ndiaidh dheireadh na tréimhse seachadta comhaontaithe do tháirgí talmhaíochta agus bia somheata |
| Íocaíocht níos déanaí ná 60 lá i ndiaidh dheireadh na tréimhse seachadta comhaontaithe do tháirgí talmhaíochta agus bia domheata |
| Orduithe le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia somheata a chealú trí fhógra níos lú ná 30 lá a thabhairt |
| Athruithe conartha aontaobhacha á ndéanamh ag an gceannaitheoir i ndáil le haon cheann acu seo a leanas:<br>(a) minicíocht, modh, áit, uainiú nó toirt sholáthar nó sheachadadh táirgí talmhaíochta agus bia,<br>(b) an caighdeán cáilíochta,<br>(c) na téarmaí íocaíochta nó an praghas |
| An ceanglas go ndéanfadh soláthraí íocaíocht nach mbaineann le díol táirgí talmhaíochta agus bia an tsoláthraí |
| An ceanglas go n-íocfadh an soláthraí as caillteanas nó as meath an táirge sa chás nach dtarlaíonn a leithéid mar thoradh ar fhaillí nó ar locht an tsoláthraí |
| Diúltú deimhniú i scríbhinn a thabhairt maidir le comhaontú soláthair leis an gceannaitheoir, ainneoin iarratas a bheith déanta ag an soláthraí |
| Aon rún ceirde a bheith á éadáil, á úsáid nó á nochtadh go neamhdhleathach ag an gceannaitheoir |
| Frithbheartaíocht tráchtála nó bagairt dá leithéid á déanamh ag an gceannaitheoir i gcoinne an tsoláthraí de bhrí go bhfuil cearta conarthacha nó dlíthiúla á bhfeidhmiú ag an soláthraí lena n-áirítear gearán a chomhdú leis an Rialálaí Agraibhia |
| An ceanglas cúiteamh a chur ar fáil don cheannaitheoir i ndáil leis an gcostas a bhaineann le gearáin chustaiméara a scrúdú sa chás nach raibh aon fhaillí nó locht luaite leis an soláthraí |
| Níl a fhios agam |
| Aon cheann acu sin |

# Aguisín - II

Féach thíos liosta iomlán de roghanna freagra le haghaidh C.9a/b.

| C.9a/b: **TCÉnna Coinníollacha** |
|---|
| Ar thug ceannaitheoir táirgí neamhdhíolta ar ais duit gan íoc as na táirgí neamhdhíolta sin nó gan íoc as diúscairt na dtáirgí sin sa chás nár thángthas ar chomhaontú soiléir maidir leis sin roimh ré? |
| Ar éiligh ceannaitheoir íocaíocht uait mar choinníoll a bhaineann le do tháirgí talmhaíochta agus bia a stocáil, a thaispeáint nó a liostú nó mar choinníoll a bhaineann lena leithéid sin de tháirgí a chur ar fáil ar an margadh sa chás nach raibh sé sin comhaontaithe go soiléir idir tú féin agus an ceannaitheoir roimh ré? |
| Ar éiligh ceannaitheoir ort an costas ar fad nó cuid den chostas a bhaineann le haon lascaine ar tháirgí talmhaíochta agus bia atá díolta leis an gceannaitheoir mar chuid de phromóisean a íoc sa chás nár thángthas ar chomhaontú soiléir maidir leis sin eadraibh roimh ré? |
| Ar éiligh ceannaitheoir ort íoc as margaíocht a bhí á déanamh ag an gceannaitheoir ar tháirgí talmhaíochta agus bia sa chás nár thángthas ar chomhaontú soiléir maidir leis sin eadraibh roimh ré? |
| Ar éiligh ceannaitheoir ort íoc as fógraíocht a bhí á déanamh ag an gceannaitheoir ar tháirgí talmhaíochta agus bia sa chás nár thángthas ar chomhaontú soiléir maidir leis sin eadraibh roimh ré? |
| Ar ghearr ceannaitheoir táille ort i ndáil leis an bhfoireann a d'fheistigh an t-áitreabh chun do tháirgí a dhíol sa chás nár thángthas ar chomhaontú soiléir maidir leis sin eadraibh roimh ré? |
| Níl a fhios agam |
| Aon cheann acu sin |

# Aguisín - III

Féach thíos liosta iomlán de roghanna freagra le haghaidh C.15/16.

| C.15/16: **Saincheisteanna ar Déileáladh Leo** |
|---|
| Iarratais iomarcacha ar athruithe ar chomhaontuithe soláthair |
| Saincheisteanna a bhaineann le crapadh táirgí |
| Saincheisteanna a bhaineann le dramhaíl táirge |
| Níl aon phróiseas bunaithe chun dúshlán neamhréireanna sonraisc a thabhairt |
| Moilleanna nó neamhíocaíocht sa chás go mbíonn díospóidí seachadta ann |
| Iarratais ar íocaíochtaí (lena n-áirítear stoc saor in aisce) chun leanúint ar aghaidh le gnó a dhéanamh le ceannaitheoir (fanacht mar atá) |
| Iarratais ar íocaíochtaí (lena n-áirítear stoc saor in aisce) a bhaineann le láithriú táirgí i siopa |
| Costais shuntasacha a thabhú mar gheall ar réamhaisnéis mhíchruinn a bheith á déanamh ag ceannaitheoir sa chás nach bhfuil tú ailínithe le réamhaisnéis an cheannaitheora |
| Gan a bheith in ann ionchur ar fáil ar fáil don phróiseas réamhaisnéisithe |
| Rócheannach ag praghas promóisin agus díol ar phraghas iomlán ina dhiaidh sin |
| Saincheisteanna a bhaineann le hiarratais ar ardú costphraghais (ACP) |
| Saincheisteanna a bhaineann le laghdú costphraghais (LCP) déanta ag do cheannaitheoir |
| An próiseas réitigh díospóidí rófhada nó anásta |
| Díliostú (lena n-áirítear laghdú suntasach ar thoirt) gan fógra réasúnta |
| Saincheist eile nó mionsonraí breise maidir le haon saincheiste ar déileáladh leo (Sonraigh, Le do thoil) |
| Níl a fhios agam |
| Aon cheann acu sin |

# Aguisín - IV

Féach thíos chun eolas a fháil faoin ainm gearrfhoirme a úsáidtear i dtorthaí an tsuirbhé agus ainm cuideachta iomlán an mhiondíoltóra agus na mórdhíoltóirí.

| Gearrfhoirm | Ainm na Cuideachta |
|---|---|
| Aldi | Siopaí Aldi (Éire) Teoranta |
| BWG | Cuideachta Neamhtheoranta Bhianna BWG |
| Dunnes | Cuideachta Neamhtheoranta Dunnes Stores |
| Lidl | Lidl na hÉireann GmbH |
| M&S | Marks and Spencer (Éire) Teoranta |
| Musgrave | Cuideachta Phoiblí Theoranta Ghrúpa Musgrave |
| Sysco | Cuideachta Neamhtheoranta Bhianna Sysco na hÉireann |
| Tesco | Tesco na hÉireann Teoranta |

Rinne Coyne Research freagraí Shuirbhé Soláthraí 2025 a thiomsú agus a anailísiú thar ceann An Rialálaí Agraibhia.

Chuir Bernie Coyne na torthaí i láthair ag Comhdháil Tionscnaimh an Rialálaí Agraibhia, Dé Máirt, an 20 Bealtaine 2025, in Óstán Eastát Bhaile Sheáin, Co. na Mí.

Coyne Research,
16 An Clós Cúirte,
Páirc Gnó Chill Chairbre,
Baile Átha Cliath D22F6K2
Éire.
info@coyneresearch.com
+353 (0)1-461 1040

coyne RESEARCH

# An Rialálaí Agraibhia
# Agri-Food Regulator

Cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn i slabhra an tsoláthair agraibhia

Campas Bhacastúin
Cill Droichid
Co Chill Dara
Éireann
W23 X3PH

+353 (0)1 601 9900
info@agrifoodregulator.ie
www.agrifoodregulator.ie

agrifoodreg
agri-food-regulator
agrifoodregulator.ie
agrifoodregulator